FuturEnergy Ireland
Development DAC

25-27 Fitzwilliam Hall
Fitzwilliam Place
Dublin 2 D02 T292

A Úinéir Tí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú slán agus sábháilte.

Tú a chur ar an eolas faoi fhorbairt nua maidir le Coillte Renewable Energy is cuspóir leis an litir seo.

Ar an Luan 29 Samhain, fógraíodh cuideachta chomhfhiontair nua darbh ainm **FuturEnergy Ireland**. Is iad Coillte agus Bord Soláthair an Leictreachais (ESB) na húinéirí a bheidh ar an gcuideachta ar bhonn 50:50 agus a bhainisteoidh an punann tionscadal fuinnimh atá á bhforbairt go gníomhach ag Coillte trasna na hÉireann le blianta beaga anuas.

Tugann sé seo na sócmhainní is láidre i réimse na forbartha fuinnimh in-athnuaite ar talamh sa Stát le chéile. Is mian linn an acmhainn breis agus 1GW fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt faoi 2030 agus cion tairbhe nach beag a dhéanamh ar son Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (2021) in Éirinn. Tá sprioc dúshlánach leagtha síos ag an Rialtas sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus is é sin gur le fuinneamh in-athnuaite a shásófar 80% de riachtanais leictreachais na tíre faoin mbliain 2030 agus tá FuturEnergy Ireland in áit mhaith chun an uaillmhian sin a bhrú ar aghaidh.

Tá an tionscadal atá beartaithe d'Fheirm Ghaoithe na hInse Móire anois ina chuid de phunann FuturEnergy Ireland, agus leanfar do bheith á chur chun cinn i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtnéir forbartha ar an tionscadal seo, SSE Renewables. Ní haon chúis imní duit an méid seo mar nach bhfuil aon athrú ar fhoireann an tionscadail, níl aon athrú ar na coimitmintí atá déanta agus thar aon ní eile níl aon athrú ar do theagmhálaí áitiúil idirchaidreamh poiblí (CLO). Tá fail ar gach nuashonrú agus sonraí teagmhála don tionscadal ar an suíomh tiomnaithe Gréasáin www.inchamorewindfarm.ie.

Beimid i dteagmháil arís le níos mó nuashonruithe in am is i dtráth. Idir an dá linn, fan sábháilte agus gabhaim buíochas leat as an am a thógaint an fógra seo a léamh.

Le meas,

Peter Lynch

_____

Peter Lynch

CEO FuturEnergy Ireland

Directors: Barry Gavin (Chair), Henry Bouchier, David Feeney, David McNamara, Gerard Murphy, William Stanley, William Young. **Company Registration Number:** 683948